C/2024/5391

3.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11559 – EXYTE / KINETICS

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5391)

1. An 26 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Exyte GmbH ('Exyte', an Ghearmáin), atá faoi rialú deiridh Millenium Privatstiftung (an Ostair) arb é Georg Stumpf a thairbhí deiridh, agus BDT & MSD Capital Partners LLC (na Stáit Aontaithe),

— Kinetics Holding GmbH ('Kinetics', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Exyte rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Kinetics ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta idirnáisiúnta é Exyte le haghaidh dearadh, innealtóireacht, soláthar agus tógáil do thionscail ardteicneolaíochta. Bíonn sé ag freastal ar chliaint i margaí ar nós margaí leathsheoltóirí, ceallraí, cógaisíochta, biteicneolaíochta, agus ionad sonraí.

— Cuireann Kinetics raon cuimsitheach de sheirbhísí dearaidh agus suiteála ar fáil dá chustaiméirí le haghaidh réitigh phróisis, mheicniúla, pluiméireachta agus réitigh a bhaineann le HVAC i dtógáil gléasraí agus saotharlann táirgthe. Is ar réitigh phíobánra a chuireann siad a bhfócas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11559 – EXYTE / KINETICS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').